Comhlacht Athbhreithnithe Ardtuarastal
san Earnáil Phoiblí
7ú hUrlár
Teach Lansdúin
Bóthar Lansdúin
Baile Átha Cliath 4

TREOIRLÍNTE D'AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA A BHAINEANN LEIS AN SEACHTÚ ATHBHREITHNIÚ GINEARÁLTA

An Comhlacht Athbhreithnithe Ardtuarastal san Earnáil Phoiblí

RÉAMHRÁ

Athbhreithniú Ginearálta

1. Tá iarrtha ar an gComhlacht Athbhreithnithe ag an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil luach saothair na bpost a thagann faoi réim a dtéarmaí tagartha agus tuarascáil orthu a sholáthar sa dara leath de 2007. Tá athbhreithriú eatramhach déanta ag an gComhlacht Athbhreithnithe cheana féin. Tá an tuarascáil ar an athbhreithniú eatramhach (Tuarascáil Uimh. 40 dar data 27 Meitheamh, 2005) ar fáil ar ghréasán an Chomhlachta Athbhreithnithe - www.reviewbody.gov.ie.

Aighneachtaí don Chomhlacht Athbhreithnithe

2 Braitheann an Comhlacht Athbhreithnithe ar an gcéad dul síos ar a dtaighde féin agus ar fhianaise scríofa. Is foinse thábhachtach tuairimí iad don Chomhlacht Athbhreithnithe agus iad ag scrúdú na leibhéal luach saothair a bheadh oiriúnach i gcás post uachtarach san earnáil phoiblí na haighneachtaí scríofa a fhaightear. Tugann said deis ina theannta sin do pháirtithe leasmhara déileáil le moltaí a rinne Comhlachtaí Athbhreithnithe roimhe seo agus athruithe a mholadh ar a luach saothair siúd a thagann faoi réimse na dtéarmaí tagartha. Tá sé fíorthábhachtach go gcinnteodh daoine a chuirfidh aighneachtaí scríofa ar fáil go bhfuil said iomlán i.e. go ndéileálann siad leis na hábhair go léir a bhfuiltear den tuairim go mbaineann said leis an scéal.

3 Cuirfear liosta iomlán díobh siúd a chuirfidh aighneachtaí ar fáil i dtuarascáil an Chomhlachta Athbhreithnithe mura n-iarrfaidh páirtí ar bith díobh siúd a bheas i gceist go sonrach nach n-ainmneofaí é. Ina theannta sin d'fhéadfadh sé gur mhian leis an gComhlacht Athbhreithnithe sleachta as aighneachtaí a sholáthar ina dtuarascáil, ach ní luafar a leithéidí leis na páirtithe a bheas i gceist gan a gcead.

Pléite Béil

4 Ní bheidh sé riachtanach ná indéanta pléite béil a thionól leo siúd go léir a chuirfidh aighneachtaí ar fáil. Féadfaidh an Comhlacht Athbhreithnithe, mar is rogha leo, plé béil a lorg le roinnt grúpaí ionadaíocha díobh siúd a thagann faoi réim a théarmaí tagartha nó le daoine aonair nó le heagraíochtaí áirithe, ach ní dhéanfar a leithéid ach i gcásanna ina measann an Comhlacht Athbhreithnithe go bhfuil plé dá leithéid riachtanach chun críocha a scrúdaithe.

CEANNTEIDIL ÁBHAR

Ba chóir go mbeadh aighneachtaí scríofa gonta, struchtúrtha agus go leanfaidís ord na gceannteideal ábhar a thugtar ina dhiaidh seo síos. Rinneadh na ceannteidil seo a dhréachtadh ar an mbun go mbeidh gach aighneacht ar leith gafa go príomha le post ar leith nó le grúpa post[1]. Más mian leat, áfach, aon tuairimí nó aon mholtaí a chur i láthair i dtaca le poist seachas do phost féin déan amhlaidh le do thoil. Ní gá go gcuimseodh gach aighneacht gach ábhar.

Cineál an phoist a mbaineann an aighneacht leis

5. Ba chóir cur síos a dhéanamh ar chineál an phoist lena mbaineann an aighneacht. Ba chóir go dtabharfadh an cur síos na nithe seo a leanas san áireamh:
    - éilimh an phoist agus na riachtanais, áit a mbaineann a leithéidí leis an scéal, maidir le scileanna ceannaireachta, scileanna anailíseacha, scileanna cumarsáide, cumais straitéiseacha agus cáilíochtaí riachtanacha,
    - aon ghnéithe speisialta a bhaineann leis an bpost
    - na hacmhainní atá faoi riar
    - na torthaí atá á lorg
    - leibhéal freagrachta
    - nithe ar bith eile a mheastar a bheith ag baint leis an scéal.

Athruithe ar chineál na bpost

6. De thoradh nithe mar reachtaíocht nua, imeachtaí ag leibhéal an AE, brú airgeadais, maraon le breis bhéime ar fhreagracht phearsanta agus ar chuntasacht is dócha go mbeidh athruithe tagtha ar chineál, ar na dualgais agus ar na freagrachtaí a ghabhann leis na poist go léir a thagann faoi réim théarmaí tagartha an Chomhlachta Athbhreithnithe i gcaitheamh na tréimhse atá caite ó bhí an 6ú athbhreithniú ginearálta ann. Tá curtha in iúl, áfach,ag an gComhlacht Athbhreithnithe i dTuarascálacha roimhe seo gur gnáthghné den chuid is mó de phoist é athrú agus nach údar ann féin é le cúiteamh. Cuir in iúl le do thoil ar tharla athruithe i gcás do phoist féin **atá níos tábhachtaí chomh fada is a bhaineann lena dtionchar ná mar a tharla i gcás post eile.** Má chreideann tú go bhfuil an scéal amhlaidh tabhair le fios le do thoil cérbh iad na príomhrudaí ba bhun leis na hathruithe sin, cuir in iúl go beacht cén lorg atá fagtha ar do phost acu agus mínigh cén fáth go gcreideann tú gur difriúla do phost i dtaca le hathruithe ná formhór na bpost eile a thagann faoin gComhlacht Athbhreithnithe.

[1] Déanfar tagairt dó ina dhiaidh seo mar ‘do phost’

Leibhéil Luach Saothair

7. Cuir in iúl le do thoil cén leibhéal luach saothair ba chóir a bheith ag gabháil le do phost anois dar leat i gcoibhneas rátaí luach saothair a mheasann tú a bheadh oiriúnach do líon tofa post eile a thagann faoi réim an Chomhlachta Athbhreithnithe (déan líon post eile a bhainfeadh leis an scéal id'thuairimse chun críocha comparáide a rátáil agus ráta tagarmhairc 100 á úsáid i gcás do phoist féin agat). Má tá an ráta coibhneasta atá á mholadh agat éagsúil leis an ráta a tháinig as an tuarascáil ar an athbhreithniú ginearálta deireanach a bhí ann (Tuarascáil Uimh.38 dar dáta 25 Meán Fómhair 2000) nó as an tuarascáil ar ardphoist i bhforais oideachais tríú leibhéal (Tuarascáil Uimh.39 dar dáta 5 Márta 2001), cuir in iúl an bhfuil an scéal amhlaidh de bhrí gur easaontaigh tú le torthaí an athbhreithnithe a bhí ann roimhe sin (más mar sin atá an scéal ba chóir duit fianaise a sholáthar mar thaca le do dhearcadh) nó de bhrí go gceapann tú go bhfuil an ráta athbhreithnithe tuillte ar bhun na n-athruithe atá tagtha ar do phost agus a bhfuil curtha síos agat orthu cheana féin.

8. Tabhair léiriú éigin ar leibhéal ginearálta an ardaithe (nó réimse na n-arduithe) a bheadh oiriúnach anois dar leat do phoist a thagann faoi réim an Chomhlachta Athbhreithnithe **ar an mbun go raibh na rátaí coibhneasta a moladh i gcás na bpost éagsúla i dTuarascáil Uimh. 38 nó 39 ceart tríd is tríd ag an tráth sin,** agus tabhair i gcuntas achomair aon argóintí taca agus fianaise a bhaineann leis an ábhar dar leat. Tabhair aghaidh ar an gceist seo más é do thoil é fiú munar aontaigh tú leis na rátaí coibhneasta a moladh i dTuarascáil Uimh. 38 nó 39 (cabhróidh sé leis an gComhlacht Athbhreithnithe agus iad ag déanamh amach ar cheart arduithe a bheith ann i dtaca leis an tréimhse atá caite ó Thuarascáil Uimh. 38 nó 39).

9. Más mian leat aon tuairimí eile faoi na rátaí luach saothair a moladh i gcás do phoist i dTuarascáil Uimh. 38 nó 39 a nochtadh déan amhlaidh le do thoil.

10. Cuir in iúl le do thoil, agus gach a bhfuil ráite go dtí seo á chur san áireamh, cén leibhéal luach saothair a bheadh oiriúnach do do phost mar atá cúrsaí faoi láthair.

Socruithe Pinsin na Seirbhíse Poiblí

11. San athbhreithniú eatramhach a rinne siad le deireanas (Tuarascáil Uimh. 40 dar dáta 27 Meitheamh 2005) tharraing an Comhlacht Athbhreithnithe aird ar ábharthacht shocruithe pinsin sa tseirbhís phoiblí mar chuid den luach saothair foriomlán. Tá sé ar intinn ag an gComhlacht Athbhreithnithe na socruithe sin a thabhairt san áireamh agus iad ag déanamh comparáide le leibhéil luach saothair san earnáil phríobháideach. Tabhair do thuairim le do thoil faoi a mhéid atá luach na socruithe pinsin sa tseirbhís phoiblí níos fearr ná socruithe na hearnála príobháidí.

Dámhachtainí Ar Bhun Feidhmiúlachta

12. I dTuarascáil Uimh. 38 mhol an Comhlacht Athbhreithnithe córas arduithe ar bhun feidhmiúlachta i gcás post áirithe. Tabhair do thuairimí le do thoil den chur chuige a mhol Comhlacht Athbhreithnithe. Cuir in iúl go háirithe le do thoil:

    (a) má tá scéim dámhachtainí ar bhun feidhmiúlachta i bhfeidhm cheana féin in do phost an mian leat go leanfaidh sí ann: más ea sonraigh le do thoil na hathruithe, má tá a leithéidí ann, ar cheart a dhéanamh ar leagan amach agus ar chineál na scéime, agus

    (b) sa chás nach bhfuil dámhachtainí ar bhun feidhmiúlachta ag gabháil le do phost an gcreideann tú gur cheart socruithe mar sin a thionscnamh anois: más ea breac síos le do thoil mionmholtaí uait i dtaca le déanamh na scéime, cineál agus leibhéal íocaíochtaí, etc. – féach chuige le do thoil go dtabharfaidh na moltaí seo aghaidh ar aon deacrachtaí sonracha a sainaithníodh i dTuarascálacha Chomhlachtaí Athbhreithnithe roimhe seo i dtaca le feidhmiú dámhachtainí ar bhun feidhmiúlachta i gcás do phoist.

Gnéithe Eile de Struchtúr Luach Saothair

13. I dTuarascálacha Uimh. 38 agus 39 mhol an Comhlacht Athbhreithnithe roinnt athruithe ar an modh inar cheart rangú a dhéanamh chun críocha luach saothair ar roinnt grúpaí a thagann faoi réim a dtéarmaí tagartha, beart a rinne athrú ar staid na ngrúpaí seo i gcoibhneas grúpaí eile. Tabhair do thuairim de na moltaí sin chomh fada is a bhaineann an scéal le do phost. Mura n-aontaíonn tú le haon ghné den rangú a moladh sonraigh le do thoil na hathruithe a mholfá agus cén fáth.

Sealbhaíocht

14. Bhí caomhnú fostaíochta agus na socruithe i dtaca le sealbhaíocht oifige i gcás post éagsúla ina cheist thábhachtach le linn athbhreithnithe ginearálta a bhí ann roimhe seo. Tabhair cuntas gairid ar aon mholtaí atá agat ar an luach ba chóir a chur ar shábháilteacht sealbhaíochta agus ar an gcaoi ar chóir don Chomhlacht Athbhreithnithe é seo a thabhairt san áireamh agus iad ag plé le luach saothair na bpost atá i gceist.

Sochair nach Tuarastail iad

15. Tabhair cuntas gairid ar aon tuairimí atá agat faoin gcaoi ar chóir don Chomhlacht Athbhreithnithe déileáil le sochair nach tuarastail iad chomh fada agus a bhaineann an scéal le do phost (socruithe maidir le carranna comhlachtaí, mar shampla).

Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht

16. Tabharfaidh an Comhlacht Athbhreithnithe aird ar a thábhachtaí is atá sé ardleibhéal éifeachtachta agus éifeachtúlachta a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus cumas iomaíochta agus luach ar airgead a chaomhnú.. Tabhair cuntas gairid ar an gcaoi a gcuirfeadh do mholtaí le tuilleadh forbartha sna limistéir sin agus luaigh cén costas a bheadh i gceist de thoradh do mholtaí.

Mír Neamhstruchtúrtha na hAighneachta

17. Cuir isteach le do thoil aon fhaisnéis bhreise, tuairimí, smaointe nó moltaí a chabhródh dar leat leis an gComhlacht Athbhreithnithe.

Tosaíochtaí

18. Luaigh le do thoil cé acu de na gnéithe éagsúla a chuir tú i láthair id'aighneacht i dtaca le rátaí luach saothair i gcás do phoist ar chóir don Chomhlacht Athbhreithnithe aird ar leith a thabhairt uirthi dar leat, agus tabhair fáthanna le do rogha.

Eanáir 2006